

WEBB

SPACE TELESCOPE



Gaeilge: Teileascóp Spáis James Webb

- 1** Is é **Teileascóp Spáis James Webb** an phríomh réadlann eolaíochta spáis ar domhan, agus comharba eolaíoch ar Theileascóp Spáis Hubble.
- 2** Tá Webb ag **réiteach mistéirí** dár ngrianchóras, ag breathnú níos faide ar domhain i bhfad i gcéin, atá ar fithis timpeall réaltaí eile, agus ag fiosrú struchtúir agus bunús mistéireach ár gcruinne agus ár n-áit inti.
- 3** Is **clár idirnáisiúnta é Webb** atá á stiúradh ag NASA lena chomhpháirtithe: ESA (Gníomhaireacht Spáis na hEorpa) agus CSA (Gníomhaireacht Spáis Cheanada).
- 4** **Lainseáil Webb** ar an 25ú Nollaig 2021, agus eisíodh a chéad íomhánna agus sonraí lándaite ar an 12ú Iúil 2022, ag sroicheadh ar na milliúin duine ar fud an domhain.
- 5** Is é Webb an teileascóp is mó a chuirtear riamh sa spás. **Ní mór dó bheith fillte** chun toilleadh isteach sa roicéad, agus ath-oscailte le linn a chéad dhá sheachtain sa spás, ar bhealach chun a bhaile nua ag an Dara Pointe Lagrange.
- 6** **Leanann Webb an Domhan timpeall na gréine**, ag láthair ar a dtugtar An Pointe L2 idir an Domhan agus an Ghrian, atá suite 1 mhilliún míle (1.5 milliún ciliméadar) ón Domhan. Tá a dhóthain breosla aige chun leanúint ar aghaidh lena mhisean [#unfoldtheuniverse](#) ar feadh níos mó ná 20 bliain.

